



CIÉ Cód Iompair d'Fhostaithe





Clár Ábhair

Rialú Cáipéise	3
Liosta Dáilte	3
Beartas ginearálta	4
Cuspóirí an Chóid Iompair	5
Prionsabail an Chóid Iompair	6
Ionracas	7
Rúndacht Faisnéise	8
Oibleagáidí	10
Leasanna a Nochtadh.	11
Dílseacht	12
Cothroime	12
Breithniú don Timpeallacht Oibre/Sheachtrach.....	12
FREAGRACHT	13
ATHBHREITHNIÚ	13
Treoirínte maidir le Bronntanais nó Fáilteachas.....	13
Bronntanais.....	14
Fáilteachas	15
Aguisín	17



RIALÚ CÁIPÉISE

Ag a chruinniú ar an 3^ú Iúil 2002 d'fhaomh Bord an CIÉ Cód Iompair d'fhostaithe. Leasaigh Bord an CIÉ é ar 2^ú Samhain 2005, 3^ú Meán Fómhair 2008, 21^ú Eanáir 2009, 3^ú Márta 2010, 30^ú Meitheamh 2010, 6^ú Deireadh Fómhair 2010, 3^ú Deireadh Fómhair 2013, 10^ú Nollaig 2014, 1^ú Iúil 2015, 5^ú Aibreán 2017, 13^ú Feabhra 2019, 5^ú Meitheamh 2019, 6^ú Samhain 2019 agus 10^ú Feabhra 2021 agus tá leasaithe san áireamh thíos.

LIOSTA DÁILTE

Ó	Gníomh	Spiodháta	Cóip Chrua/Dhigiteach
Gabh Fostaí Grúpa CIÉ			



BEARTAS GINEARÁLTA

Tá sé mar bheartas ag Grúpa CIÉ a dhea-cháil maidir le hiompar eiticíúil agus déileáil go cothrom i stiúradh a ghnó a choinneáil.

In a lán cásanna tá cinntí maidir le cad atá eiticíúil nó cothrom soiléir glansoiléir agus beidh sé soiléir d'aon duine réasúnta. I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh imthosca ann nuair a thagann gné amhras nó débhríocht chun cinn.

Chun cabhrú sna cúinsí sin agus chun fostaithe aonair Ghrúpa CIÉ a chosaint agus a threorú, is gá Cód Iompair scríofa a bheith ann agus cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Ní féidir soláthar a dhéanamh do gach cás sa Chód Iompair. Má bhíonn amhras faoin ionracas in aon chás ar leith, ní mór don duine aonair lena mbaineann sé dul i gcomhairle leis an oifigeach uachtarach maidir leis an gcás sin. Ba chóir do gach ball foirne cuimhneamh ar luachanna luaite a gcuideachta ina gcaidreamh ó lá go lá le baill foirne eile, le custaiméirí, e soláthraithe seirbhísí agus leis na páirtithe leasmhara go léir i gcoitinne.

Chomh maith leis an gceanglas go n-iompródh gach ball foirne iad féin ar bhealach eiticíúil, tá ceanglas ann freisin go gcomhlíonfadh baill foirne ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014 (féach an Aguisín faoi iamh) agus ceanglais reachtacha ábhartha eile agus i gcás gach duine ag a bhfuil post ainmnithe fostaíochta laistigh de chomhlacht stáit, go gcomhlíonfaidís forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.



CUSPÓIRÍ AN CHÓID IOMPAIR

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid Iompair:

- a) Treoir a thabhairt d'fhostaithe an Ghrúpa CIÉ agus iad i mbun gnó,
- b) Sraith chomhaontaithe de phrionsabail eiticíúla a bhunú,
- c) Cur chun cinn agus cothabháil muiníne agus iontaoibhe i nGrúpa CIÉ; agus
- d) Forbairt agus glacadh ag Grúpa CIÉ le cleachtais eiticíúla.

Baineann an Cód Iompair le gach fostaí de chuid an Ghrúpa. Ní mór dóibh siúd atá i mbun earraí nó seirbhísí a cheannach, conarthaí a shocrú nó iocaíochtaí le nó ag Grúpa CIÉ a cheadú, aird ar leith a thabhairt ar théarmaí an Chóid.



PRIONSABAIL AN CHÓID IOMPAIR

Is féidir treoirphrionsabail an Chóid Iompair a achoimriú faoi sheacht gceannteideal:

- Ionracas,
- Rúndacht Faisnéise,
- Oibleagáidí,
- Leasanna a Nochtadh,
- Dílseacht,
- Cothroime agus
- Breithniú don Timpeallacht Oibre/Sheachtrach.

IONRACAS

Táthar ag súil go gcloífidh gach fostaí de chuid Ghrúpa CIÉ leis na caighdeáin is airde ionracais agus ionracais ina chuid/cuid déileálacha gnó go léir.

Chuige sin, mar fhostaí, ní mór:

- Tiomantas a thabhairt dul san iomaíocht go bríomhar fuinniúil ach freisin go heiticíúil agus go macánta,
- Gníomhaíochtaí ceannaigh earraí/seirbhísí a stiúradh de réir an chleachtais ghnó is fearr agus de réir bheartas soláthair an Ghrúpa,
- Sa mhéid is go bhfuil ionchur ag fostaithe chun a chinntiú go léiríonn cuntais/tuairiscí an Ghrúpa a fheidhmíocht ghnó go cruinn agus nach bhfuil siad míthreorach nó ceaptha le bheith míthreorach,
- Breabanna, bronnantais, fáilteachais, sochair nó tairiscintí de chóireáil fhabhrach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas duine breithiúnas neamhspleách a dhéanamh a dhiúltú, agus aon chur chuige den sórt sin i scríbhinn a thuiriscíú don duine os a gcionn,
- Seachain mífhaisnéis a thabhairt ar bharúil duine trí bheith débhríoch nó míthreorach,
- Diúltaigh d'aon chleachtas gnó a d'fhéadfaí a mheas le réasún a bheith míchuí,
- Seachain úsáid acmhainní nó am an Ghrúpa ar mhaithe le gnóthachan pearsanta, ar mhaithe le daoine/eagraíochtaí nach bhfuil nasctha leis an nGrúpa nó lena ghníomhaíochtaí nó ar mhaithe le hiomaitheoirí,
- Gealltanais a thabhairt gan faisnéis ná rúin ghnó a fháil ar mhodh míchuí,
- Gan mí-úsáid a bhaint as saoráidí taistil ná pribhléidí eile agus
- Gníomhú ar bhealach atá oiriúnach don phost atá ag duine san eagraíocht,
- Gan gníomhú ar bhealach a d'fhéadfadh droch-chlú a tharraingt ar cháil CIÉ.
- Cultúr a chinntiú chun costais a éileamh de réir mar is cuí do riachtanais ghnó agus de réir dea-chleachtais san earnáil phoiblí i gcoitinne.

RÚNDACHT FAISNÉISE

Tá dualgas anois ar chodanna áirithe den Ghrúpa faisnéis a nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997. Ní mór aon iarratais ar fhaisnéis de bhun an Achta seo ó thríú páirtithe (lena n-áirítear an Roinn Iompair) a chur faoi bhráid an Oifigigh um Shaoráil Faisnéise ábhartha má thagann siad faoi raon feidhme an Achta. Seachas sin, ba chóir iad a chur ar aghaidh chuig Rúnaí an Ghrúpa nó rúnaí cuideachta aon cheann de na fochuideachtaí a chuirfidh an t- iarratas ar aghaidh chuig Rúnaí an Ghrúpa.

Ba cheart d'fhostaithe aird a thabhairt freisin ar oibleagáidí an Ghrúpa faoi (AE) 2016/679 an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 (na hAchtanna) agus aon iarratais ar fhaisnéis, nó maidir le faisnéis, atá i seilbh an Ghrúpa agus atá faoi réir fhorálacha na nAchtanna seo, ba cheart iad a chur faoi bhráid an Oifigigh Chosanta Sonraí ar an gcéad dul síos.

Ní mór d'fhostaithe an Ghrúpa, áfach, tacú le soláthar rochtana ag an nGrúpa ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Ghrúpa ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht don phobal i gcoitinne. Mar iarracht chun é seo a chur i bhfeidhm, foilsíonn an Grúpa faisnéis faoina gníomhaíochtaí agus faoina fheidhmíocht ar a shuíomh gréasáin, faisnéis a nuashonraítear go rialta.

Tá dualgas rúndachta ar gach fostaí sa Ghrúpa CIÉ maidir le faisnéis íogair atá i seilbh an Ghrúpa. Chuirfeadh faisnéis íogair, mar shampla:

- aon fhaisnéis a bhaineann leis an nGrúpa CIÉ nach faisnéis phoiblí í,
- faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de/faisnéis ghnó (lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le beartais nó cleachtais ghnó),

- aon fhaisnéis a bhaineann le Grúpa CIÉ atá ainmnithe aige mar fhaisnéis atá faoi rún,
- eolas pearsanta agus
- Faisnéis faighte i modh rún ag an nGrúpa CIÉ.

Ceanglaítear ar fhostaithe a chinntiú nach ndéantar aon fhaisnéis íogair a fhaigheann siad mar gheall ar a bhfostaíocht a mhí - úsáid, cibé acu ag soláthraithe, ag a n-iomaitheoirí nó ag iomaitheoirí Ghrúpa CIÉ. D'fhonn faisnéis den sórt sin a chosaint éilítear ar fhostaithe:

- A chinntiú go ndéantar an fhaisnéis sin a chosaint i gceart,
- Cúram cuí a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin a chur in iúl,
- Seachain faisnéis den sórt sin a úsáid le haghaidh gnóthachan pearsanta agus
- Cloí le nósanna imeachta iomchuí réamhchomhairliúcháin le tríú páirtithe sa chás, go heisceachtúil, go bhfuil oibleagáid ar CIÉ de réir an dlí nó ar aon údarás rialála, nó ar bhealach eile, ar mhaithe le leas an phobail, faisnéis íogair a nochtadh

Meabhraítear d'fhostaithe go n-áirítear san Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, dualgas sonrath gan fhaisnéis faoi rún a nochtadh ach amháin má thugann an Bord nó an chuideachta iomchuí nó duine éigin a bheidh údaraithe chuige sin ag an mBord nó ag an gcuideachta údarás dóibh. Sainmhínítear Faisnéis Rúnda san Acht mar fhaisnéis a deirtear a bheith rúnda maidir le faisnéis ar leith nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuirisc ar leith. Is cion é an dualgas reachtúil seo a shárú a mheallann fineáil ar chiontú go hachomair.

OIBLEAGÁIDÍ

D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann CIÉ, trí dhéileáil le gnó amháin, na Treoirlínte Rialtais, reachtaíocht na hÉireann agus reachtaíocht an AE go léir is infheidhme, tá ar fhostaithe, sa mhéid is go bhfuil sé faoina gcumhacht agus faoina sainchúram, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhlíonadh na n-oibleagáidí rialála agus maoirseachta go léir a fhorchuirtear ar CIÉ,
- Comhoibriú le comhlachtaí rialála agus maoirseachta ábhartha,
- Seachain iontrálacha bréagacha, míchrúinne nó míthreoracha i dtaifid,
- A chinntiú go seasann an Grúpa CIÉ le reachtaíocht chánachais agus leasa,
- A chinntiú nach ndéanann an Grúpa CIÉ idirbhearta seachanta cánach “ionsaitheacha” (is é sin, idirbhearta ina n-úsáidtear an cód cánach chun críche seachas an chríoch dá bhfuil sé beartaithe ag an Stát (lena n-áirítear úsáid neamhbheartaithe dreasachta cánach) d'fhonn an méid cánach atá le híoc ag CIÉ nó ag páirtí in idirbheart ina bhfuil CIÉ rannpháirteach) a laghdú,
- A chinntiú go gcomhlíonann gníomhartha duine oibleagáidí conarthacha ábhartha,
- Iomaíocht éifeachtach agus chóir a spreagadh i gcónaí,
- Cloí le nósanna imeachta ceannaigh agus tairisceana an Ghrúpa agus leis na leibhéil údaráis fhorordaithe chun aon chaiteachas ábhartha a cheadú,
- Go pearsanta, seachain dul i mbun aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó coiriúla (laistigh nó lasmuigh d'uaireanta oibre),
- Cloí le rialuithe chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha chun a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta forordaithe i ndáil le costais a éileamh le haghaidh taistil gnó,
- Éilítear ar fhostaithe comhoibriú le hiniúchadh inmheánach sa phróiseas iniúchta inmheánaí,
- Cloí le nósanna imeachta a bhaineann le:
 - a) Tar éis éirí as / dul ar scor ón bhfostaíocht agus

- b) Ceapadh agus / nó comhairleacht fhostaithe CIÉ ag an earnáil phríobháideach, d'fhonn glacadh le poist tar éis fostaíochta a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coimhlíntí leasa agus imní rúndachta agus
- c) Cloí le beartas Ghrúpa CIÉ maidir le hidirdhealú, ciapadh, ciapadh gnéasach agus bulaíocht.

LEASANNA A NOCHTADH

Ní cheadaítear do bhainistíocht ná d'fhostaithe a bheith páirteach i leasanna seachtracha fostaíochta/gnó i gcoimhlínt nó i gcoimhlínt fhéideartha le gnóthaí an Ghrúpa CIÉ.

Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanann gach fostaí de chuid an CIÉ sonraí faoi aon choimhlínt leasa a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a neamhchlaontacht i gcomhlíonadh a ndualgas a nochtadh i scríbhinn do Rúnaí na Cuideachta/an Ghrúpa, tríd na daoine os a gcionn, a luaithe a thagann siad chun solais, lena n-áirítear:

- Aon leas, scairseilbh nó coinbhleacht leasa fhéideartha atá ag fostaí le haon ghnólacht nó le haon eagraíocht óna gceannaíonn Grúpa CIÉ soláthairtí, oibreacha nó seirbhísí, nó trína mbeartaíonn Grúpa CIÉ maoin nó seirbhísí a dhíol
- Aon leasa fostaíochta nó gnó lasmuigh i gcoimhlínt nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlínt le gnó CIÉ
- Aon leas i ngarbhall teaghlach idirghabhálach fostaí a bhféadfadh coimhlínt leasa den sórt sin a bheith mar thoradh air

Sa chás go bhféadfadh coimhlint leasa teacht chun cinn i gcás fostaí, ní mór dó/di éirí as déileáil leis an gconradh nó leis an gcás as a n-eascraíonn an choimhlint leasa nó an choimhlint leasa féideartha agus ní féidir leis/léi iarracht ar bith a dhéanamh tionchar a imirt ar chinntí ar an ábhar.

DÍLSEACTH

Ní mór d'fhostaithe:

- Aitheantas a thabhairt don fhreagracht a bheith dílis do CIÉ agus tiomanta go hiomlán ina ghníomhaíochtaí gnó go léir ach a bheith aireach go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna a scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí agus
- Aithneoidh siad an dualgas atá orthu le cloí leis na caighdeáin eitice is airde.

COTHROIME

Ní mór d'fhostaithe:

- An reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann a chomhlíonadh;
- A bheith tiomanta do chothroime i ngach beartaíocht gnó;
- Meas a thabhairt a gcomhfhostaithe agus
- Meas a thabhairt ar chustaiméirí agus paisinéirí agus caitheamh go cothrom le gach custaiméir agus paisinéirí.

BREITHNIÚ DON TIMPEALLACHT OIBRE/SHEACHTRACH

Ní mór d'fhostaithe:

- An tosaíocht is mó a leagan ar a sláinte agus a sábháilteacht féin agus sláinte agus sábháilteacht comhfhostaithe, custaiméirí agus tríú páirtithe eile a dtagann siad i dteagmháil leo le linn a bhfostaíochta a chur chun cinn agus a chaomhnú,
- Cuirfidh siad forbairt an chultúir 'labhairt amach' chun cinn inar féidir le hoibríthe a gcuid ábhair imní a chur in iúl maidir le rudaí míchearta tromchúiseacha san áit oibre gan eagla a bheith orthu go mbainfí díoltas amach;

- A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar bhuarthaí pobail agus
- Íoslághdú a dhéanamh ar aon tionchar díobhálach ag oibríochtaí Ghrúpa CIÉ ar an gcomhshaol.



FREAGRACHT

Scaipfear an Cód Iompair seo, a chuimsíonn an beartas maidir le nochtadh leasanna, ar an mbainistíocht agus gach fostaí a mbeidh orthu admháil a thabhairt dó.

ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú ar an gCód Iompair seo gach dara bliain.

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE BRONNTANAS NÓ FÁILTEACHAS

Is gnách do go leor soláthróirí brontanais, fáilteachais nó siamsaíochta a thairiscint d'fhostaithe ainmnithe a bhfuil teagmháil acu leo mar thoradh ar dhéileálacha gnó. Mar sin féin, ba cheart d'fhostaithe, faoi réir na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos, a sheachaint brontanais chorparáideacha, fáilteachas, cóir fhabhrach nó sochair a thabhairt nó a fháil ad'fhéadfadh



tionchar nó an chuma go bhfuil tionchar á imirt difear do chumas an deontóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.

BRONNTANAIS

Tá cosc ar leith ar fhostaithe glacadh le hairgead tirim nó dearbháin bhronntanais. D'fhéadfadh d'fhostaithe glacadh le bronntanais ó sholáthraithe nó ó chonraitheoirí a d'oibrigh do Ghrúpa CIÉ, ar an gcoinníoll:

- Tá an bronntanas gan iarraidh,
- Tá luach intreach an-bheag ar an mbronntanas (m.sh. dialann, féilire, buidéal fóna/biotáillí srl.),
- Ní sháraíonn luach iomlán na mbronntanas sin a ghlacann fostaí €70 san iomlán don bhliain

I ngach cás eile, ba cheart an bronntanas a chur ar ais chuig an seoltóir, agus nóta a chur in iúl go mbeadh glacadh contrártha do bheartas an Ghrúpa. Ní mór sonraí na mbronntanas a thugtar ar ais a chur in iúl láithreach don duine os cionn an fhaighteora i scríbhinn.

Chomh maith leis na ceanglais nochta thuas, ceanglaítear ar aon fhostaí a bhfuil baint acu le cinní ceannaigh liosta de na bronntanais go léir a fuarthas a chur faoi bhráid an duine os cionn an fhostaí sin ar bhonn bliantúil. Sa chás nach bhfuarthas aon bhronntanais teastaíonn nochtadh “Nil”.

Tá cosc ar chlubanna nó cumainn laistigh de Ghrúpa CIÉ dul chuig soláthróirí nó conraitheoirí chuig Grúpa CIÉ le haghaidh urraíochta.



FÁILTEACHAS

Glactar le cuirí chuig lóna agus dinnéir atá i ngnáthchúrsa gnó.

D'fhéadfaí glacadh le fáilteachas measartha (lena n-áirítear imeachtaí spóirt agus imeachtaí gailf), ar choinníoll:

- Ní mór ceadú i scríbhinn roimh ré ón duine os cionn an fhostaí a bheith faighte,
- Níl minicíocht agus scála an fháilteachais níos minice ná mar a bheifí ag súil go dtabharfadh CIÉ ar ais,
- Coinnítear an líon foirne CIÉ a bhaineann leas as an bhfáilteachas chomh hiseal agus is féidir agus
- Ní chuimsítear soláthar taistil nó cóiríochta thar oíche sna cuirí agus ní shaináithnítear an Grúpa CIÉ ar bhealach poiblí le haon soláthraí nó conraitheoir ar leith nuair a bhaintear leas as an bhfáilteachas. Ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt do mhaoirseoir an fhaighteora faoi shonraí fáilteachais a thairgtear sa chomhthéacs nár glacadh leis.

Nóta: Breathnófar ar sháruithe ar an gCód Iompair seo mar shárú ar smacht agus déileálfar leo de réir nósanna imeachta smachtaithe ag Príomhfheidhmeannach na cuideachta/an eintitis atá i gceist. Déileálfaidh Cathaoirleach na cuideachta/an eintitis sin le haon sárú a dhéanfaidh an Príomhfheidhmeannach ar an gCód seo.



CIONTA ATÁ IN ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014 AGUS A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LE FOSTAITHE

I dteannta na n-alt den Acht a bhaineann le fostaithe na cuideachta i dtaca le hiniúcháirí reachtúla a fhosú, tá roinnt cionta eile i gcatagóir 2 in Acht na gCuideachtaí 2014 atá infheidhme maidir le gach comhalta foirne CIÉ faoi chúinsí áirithe.

Alt 406 - *'Ráitis bhréagacha i ráitis airgeadais reachtúla, tuairisceáin srl.'* Leagtar amach anseo go bhfuil duine ciontach i gcion chatagóir 2 má dhéanann sé ráiteas bréagach ábhartha d'aon ghnó in aon tuairisceán, ráiteas, ráiteas airgeadais nó doiciméad eile.

Alt 789 - *'Cionta i ndáil le dul isteach agus áitreabh a chuardach agus forálacha a fhreastalaíonn ar theagmhais áirithe a bhaineann le hoifigigh ainmnithe '*. Leagtar amach anseo go bhfuil duine ciontach i gcion chatagóir 2 má chuireann siad bac ar fheidhmiú cirt chun dul isteach nó chun cuardach a dhéanamh arna tuadh le barántas cuardaigh.

Alt 790 - *'Srian ar nochtadh faisnéise, leabhar agus doiciméad arna bhfáil ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach '*. Leagann sé seo amach cion chatagóir 2 maidir le duine a fhoilsíonn nó a nochtann aon fhaisnéis, leabhar nó doiciméad a fuarthas faoi aon cheann de na hailt 778, 789, 783 nó 787 d'Acht 2014 ach amháin i gcúinsí sonraithe.

Alt 793 - *'Cion arb éard é doiciméid nó taifid a fhalsú, a cheilt, a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile'*. Leagtar amach anseo cion chatagóir 2 ina ndéanann nó ina gceadaíonn duine falsú, ceilt, scriosadh nó diúscairt doiciméid nó taifid a bheadh ábhartha d'imschrúdú ag an Stiúrthóir (ODCE).

Alt 876 - *‘Cion arb éard é faisnéis bhréagach a sholáthar’*. Leagann sé seo amach cion chatagóir 2 maidir le duine a sholáthraíonn faisnéis atá bréagach go feasach agus ceist á freagairt aige, míniú a sholáthar, ráiteas a dhéanamh nó aon tuairisceán, tuarascáil, deimhniú, clár comhardaithe nó doiciméad eile a chomhlánú, a shíniú, a tháirgeadh nó a sheachadadh. I gcúinsí áirithe, féadtar an cion a uasghrádú go dtí cion chatagóir 1.

Alt 877 - *‘Cion arb éard é díothú, lot nó falsú leabhair nó doiciméid.’* Leagtar amach leis seo cion chatagóir 2 i ndáil le haon oifigeach a chuireann faoi deara aon leabhar nó doiciméad a dhéanann difear do mhaoín nó do chúrsaí na cuideachta, nó atá ionpháirteach i scríosadh, i lot nó i bhfalsú an chéanna; nó is páirtí i dtaifead bréagach a dhéanamh in aon leabhar nó doiciméad den sórt sin.

Alt 878 - *‘Cion arb éard é scaradh go calaoiseach le leabhar nó le doiciméid nó iad a athrú nó a fhágáil ar lár.’* Leagann sé seo amach cion chatagóir 2 maidir le haon oifigeach a chuireann faoi deara nó atá ina pháirtí i scaradh calaoiseach, athrú calaoiseach, nó easnamh a dhéanamh in aon leabhar nó doiciméad a dhéanann difear do chúrsaí na cuideachta nó a bhaineann leo.